Nollaig Shona

Seo leat a chodladh Oisín
Arsa an Mamaí fia
Tá an Nollaig beagnach ann
Seo leat suas a luí
"Níl mise ag dul a chodladh"
Arsa Oisín leis fhéin
"Beidh mé ag imeacht le Daidí na Nollag
Ag eitilt tríd an aer!"

Curfá:
Seo é Oisín an fia beag
Go hard sa spéir
Nollaig Shona
Nollaig Shona daoibh go léir

Tamall beag ina dhiaidh sin
Tháinig an Mamaí fia
Ag amharc isteach ar Oisín
Go teolaí ina luí
Ach ina bhrionglóid bhí a maicín
I bhfad i bhfad i gcéin
É imithe le Daidí na Nollag
Ag eitilt tríd an aer

Curfá

©1997 & 2004 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin